Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Bealtaine 2024
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0116(NLE)**

**10304/24**
**ADD 1**

**AVIATION 86**
**ICAO 16**
**RELEX 703**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 211 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh le Comhchoiste AE-ICAO, a bhaineann leis an gCinneadh maidir le 'Iarscríbhinn IV maidir le Fothú Acmhainneachta, Cúnamh Teicniúil, agus Tacaíocht Cur Chun Feidhme' a ghabhann leis an Meabhrán Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta lena ndéantar foráil maidir le comhar feabhsaithe<br>- Cinneadh ó Chomhchoiste AE-ICAO. |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 211 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 211 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.5.2024
COM(2024) 211 final

ANNEX – PART 1/2

# IARSCRÍBHINN

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh le Comhchoiste AE-ICAO, a bhaineann leis an gCinneadh maidir le 'Iarscríbhinn IV maidir le Fothú Acmhainneachta, Cúnamh Teicniúil, agus Tacaíocht Cur Chun Feidhme' a ghabhann leis an Meabhrán Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta lena ndéantar foráil maidir le comhar feabhsaithe**

**IARSCRÍBHINN**

Cinneadh ó Chomhchoiste AE-ICAO

an ………

maidir le hIarscríbhinn IV a ghlacadh maidir le fothú acmhainneachta, cúnamh teicniúil agus tacaíocht cur chun feidhme don Mheabhrán Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta lena ndéantar foráil maidir le creat le haghaidh comhar feabhsaithe

TÁ COMHCHOISTE AE-ICAO,

Ag féachaint don Mheabhrán Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta lena ndéantar foráil maidir le creat le haghaidh comhar feabhsaithe (an Meabhrán Comhair), a tháinig i bhfeidhm an 29 Márta 2012, agus go háirithe Airteagal 7.3(c) de,

De bhrí gurb iomchuí Iarscríbhinn a chur isteach maidir le fothú acmhainneachta, cúnamh teicniúil agus tacaíocht cur chun feidhme sa Mheabhrán Comhair, sna réimsí a chumhdaítear leis an Meabhrán Comhair sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, glactar an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo agus beidh sí ina cuid dhílis den Mheabhrán Comhair.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá a ghlacfar é.

*Thar ceann Chomhchoiste an Aontais Eorpaigh-ICAO Na Cathaoirligh*

*Thar ceann an Aontais Eorpaigh* *thar ceann na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta*